CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/403 ÓN gCOIMISIÚN

an 28 Feabhra 2025

lena leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/260 a mhéid a bhaineann le formheas beart náisiúnta áirithe arna gceapadh chun an tionchar a bhíonn ag galair áirithe ainmhithe uisceacha a theorannú agus a mhéid a bhaineann le liosta na speiceas atá soghabhálach i leith na ngalar sin

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 226(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/260 ón gCoimisiún ([2]) bunaítear, in Iarscríbhinní I, II agus III a ghabhann leis, liostaí na mBallstát nó na gcodanna díobh a mheastar a bheith saor ó ghalair áirithe ainmhithe uisceacha, ar galair iad nach liostaítear faoi Airteagal 9(1), pointe (d) de Rialachán (AE) 2016/429, nó atá faoi réir clár díothaithe maidir leis na galair sin, agus a bhformheastar bearta náisiúnta ina leith, chomh maith le liosta na speiceas atá soghabhálach i leith na ngalar sin.

(2) Tá fógra tugtha don Choimisiún ag an bhFrainc faoi chrios Durançole agus deighleoga FR 72261001 agus FR 72294001, atá laistigh dá críoch agus a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/260, nach féidir a mheas a thuilleadh go bhfuil siad saor ó víreas heirpéis koi. Ní dhéanfaidh an t-údarás inniúil bearta náisiúnta a thuilleadh chun tabhairt isteach an ghalair sin a chosc, ná chun a leathadh a rialú. Dá bhrí sin, ba cheart an crios sin agus na deighleoga sin a bhaint den liosta san Iarscríbhinn sin.

(3) Tá fógra tugtha don Choimisiún ag an Danmhairg faoi dheighleoga 103647 agus 117789, atá laistigh dá críoch agus a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/260, nach féidir a mheas a thuilleadh go bhfuil siad saor ó ghalar baictéarach duáin (BKD) agus ó neacróis phaincréasach thógálach araon. Ina theannta sin, tá an Coimisiún curtha ar an eolas ag an Danmhairg nach féidir a mheas a thuilleadh go bhfuil deighleog 104106 laistigh dá críoch saor ó neacróis phaincréasach thógálach. Ní dhéanfaidh an t-údarás inniúil bearta náisiúnta a thuilleadh chun tabhairt isteach na ngalar sin a chosc ná chun a leathadh a rialú sna deighleoga sin. Ina theannta sin, dá bhrí sin, ba cheart na deighleoga sin a bhaint den liosta in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/260.

(4) Tá fógra tugtha don Choimisiún ag an Danmhairg freisin faoi dheighleog 122491, atá laistigh dá críoch agus a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/260, nach féidir a mheas a thuilleadh go bhfuil clár díothaithe aici le haghaidh galar baictéarach duáin (BKD). Ní dhéanfaidh an t-údarás inniúil bearta náisiúnta a thuilleadh chun tabhairt isteach an ghalair sin a chosc ná chun a leathadh a rialú sa deighleog sin. Ina theannta sin agus dá bhrí sin, ba cheart an deighleog sin a bhaint den liosta san Iarscríbhinn sin.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/260 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2021 lena bhformheastar bearta náisiúnta arna gceapadh chun an tionchar a bhíonn ag galair áirithe ainmhithe uisceacha a theorannú i gcomhréir le hAirteagal 226(3) de Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2010/221/AE ón gCoimisiún (IO L 59, 19.2.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2021/260/oj).

(5) Ina theannta sin, thug an Danmhairg fógra don Choimisiún go bhfuil an clár díothaithe le haghaidh galair áirithe, dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/260, curtha i gcrích go rathúil a mhéid a bhaineann le BKD i gcás dheighleog 106314 atá laistigh dá críoch agus a liostaítear san Iarscríbhinn sin. Dá bhrí sin is féidir a mheas go bhfuil an deighleog sin saor ó BKD agus ba cheart, dá bhrí sin, í a bhaint den liosta san Iarscríbhinn sin. Ina ionad sin, ba cheart í a chur isteach i liosta na ndeighleog a mheastar a bheith saor ó BKD in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin, agus déanfaidh an t-údarás inniúil bearta náisiúnta chun tabhairt isteach an ghalair sin a chosc nó chun a leathadh a rialú.

(6) Thairis sin, tá fógra tugtha don Choimisiún ag an Danmhairg go bhfuil tús curtha aici le clár díothaithe le haghaidh BKD i gcás dheighleoga 83138 agus 103606 laistigh dá críoch. Dá bhrí sin, ba cheart na deighleoga sin a chur le liosta na ndeighleog atá faoi réir clár díothaithe le haghaidh BKD in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/260, agus déanfaidh an t-údarás inniúil bearta náisiúnta chun tabhairt isteach an ghalair sin a chosc nó chun a leathadh a rialú.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/260 a leasú dá réir sin.

(8) Thairis sin arís, i dtuairimí atá ann le déanaí ó EFSA maidir le BKD ([3]), ionfhabhtú le *Gyrodactylus salaris* ([4]), neacróis phaincréasach thógálach ([5]), ionfhabhtú le halfa-víreas salmainide ([6]), agus víréime earraigh carbáin ([7]), leagtar amach liostaí de speicis ainmhithe uisceacha atá soghabhálach i leith na ngalar sin. Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn III a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/260 a leasú chun na tuairimí sin ó EFSA a chur san áireamh.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní I, II agus III a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/260 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Feabhra 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([3]) https://efsa.onlinelibrary.wiley.com/doi/full/10.2903/j.efsa.2023.8326.
([4]) https://efsa.onlinelibrary.wiley.com/doi/full/10.2903/j.efsa.2023.8325.
([5]) https://efsa.onlinelibrary.wiley.com/doi/full/10.2903/j.efsa.2023.8028.
([6]) https://efsa.onlinelibrary.wiley.com/doi/full/10.2903/j.efsa.2023.8327.
([7]) https://efsa.onlinelibrary.wiley.com/doi/full/10.2903/j.efsa.2023.8324.

IARSCRÍBHINN

Leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/260 mar a leanas:

(1) leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an bhFrainc a mhéid a bhaineann le galar víris heirpéis koi:

‘Galar víris heirpéis koi	An Fhrainc	FR	Na deighleoga aonair seo a leanas, ar bunaíocht dobharshaothraithe gach ceann acu ag a bhfuil an uimhir formheasa shonraithe:
			FR 17116001 CE Pisiculture de l’EARL Carpio
			FR 34023506 CE SCEA les poissons du Soleil
			FR 34195501 CE Olivier Germaine – Pisciculture
			FR 39366002 CE Pisciculture du Moulin de Pierre
			FR 63263022 CE Pisciculture de Fontanas
			FR 66190003 CE SCEA les poissons du Soleil’

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Danmhairg a mhéid a bhaineann le galar baictéarach duáin (BKD):

‘Galar baictéarach duáin (BKD)	An Danmhairg	DK	Na deighleoga aonair seo a leanas, ar bunaíocht dobharshaothraithe gach ceann acu ag a bhfuil an uimhir formheasa shonraithe:
		84470	Brænderigårdens Dambrug
		92158	Hørup Mølle Dambrug
		103471	Abildvad Dambrug
		103559	Fårup Mølle Dambrug
		103587	Trend Å Dambrug
		103623	Hårkjær Dambrug
		103682	Sangild Dambrug
		103733	Skade Dambrug
		106314	Ravningkær Dambrug
		118656	AquaSearch Ova, Billund
		118844	Ravning ægpakkeri
		128165	Ollerupgård Dambrug’

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Danmhairg a mhéid a bhaineann le neacróis phaincréasach thógálach:

‘Neacróis phaincréasach thógálach	An Danmhairg	DK	Na deighleoga aonair seo a leanas, ar bunaíocht dobharshaothraithe gach ceann acu ag a bhfuil an uimhir formheasa shonraithe:
		83138	Hallesøhuse Dambrug
		84470	Brænderigårdens Dambrug
		92158	Hørup Mølle Dambrug
		103554	Fruerlund Dambrug
		103559	Fårup Mølle Dambrug
		103571	Hallesø Dambrug

'Neacróis phaincréasach thógálach	An Danmhairg	DK	Na deighleoga aonair seo a leanas, ar bunaíocht dobharshaothraithe gach ceann acu ag a bhfuil an uimhir formheasa shonraithe:
		103606	Lundby Dambrug
		103623	Hårkjær Dambrug
		103668	Ravning Dambrug
		103670	Refsgårds Dambrug
		103682	Sangild Dambrug
		103802	Ådal Dambrug
		103910	Piledal Dambrug
		106314	Ravningkær Dambrug
		108516	Hulsig Dambrug
		118656	AquaSearch Ova, Billund
		118844	Ravning ægpakkeri
		125770	Aquasearch Ova
		128165	Ollerupgård Dambrug'

(2) in Iarscríbhinn II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Danmhairg a mhéid a bhaineann le galar baictéarach duáin (BKD):

'Galar baictéarach duáin (BKD)	An Danmhairg	DK	Na deighleoga aonair seo a leanas, ar bunaíocht dobharshaothraithe gach ceann acu ag a bhfuil an uimhir formheasa shonraithe:
		83138	Halle Søhuse Dambrug
		103606	Lundby Dambrug'

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn III:

'Speicis d'ainmhithe uisceacha atá soghabhálach i leith galair a bhfuil bearta náisiúnta glactha ag Ballstáit áirithe (*) maidir leo i gcomhréir le hAirteagal 226(3) de Rialachán (AE) 2016/429

Galar	Speicis shoghabhálacha
Galar víris heirpéis koi	Mar a liostaítear sa tríú colún den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún
Víréime earraigh carbáin	*Abramis brama, Aristichthys nobilis, Carassius auratus, Ctenopharyngodon idella, Cyprinus carpio, Cyprinus carpio koi, Cyprinus rubrofuscus, Danio rerio, Notemingonus crysoleucas, Percocypris pingi, Pimephales promelas, Rutilus kutum, Rutilus rutilus, Silurus glanis*
Galar baictéarach duáin (BKD)	*Anoplopoma fimbria, Lota lota, Notropis cornutus, Onchorhynchus clarkii, Oncorhyncus gorbuscha, Oncorhynchus keta, Oncorhynchus kisutch, Oncorhynchus mykiss, Oncorhynchus nerka, Oncorhynchus tshawytscha, Pimephales promelas, Plecoglossus altivelis, Salvelinus alpinus, Salvelinus fontinalis, Salvelinus namaycush, Salmo salar, Salmo trutta, Thymallus thymallus*

Galar	Speicis shoghabhálacha
Neacróis phaincréasach thógálach	*Anarhichas minor, Anguilla anguilla, Anguilla japonica, Brevoortia tyrannus, Channa striata, Coregonus lavaretus, Ctenolabrus rupestris, Danio rerio, Dicentrarchus labrax, Esox lucius, Gadus morhua, Hippoglossus hippoglossus, Limanda limanda, Morone saxatilis, Merluccius merluccius, Microstomus kitt, Orcorhynchus clarkii, Oncorhynchus gorbuscha, Oncorhynchus keta, Oncorhynchus kisutch, Oncorhynchus mykiss, Oncorhynchus rhodurus, Oncorhynchus tshawytscha, Pleuronectes platessa, Scophthalmus maximus, Salmo salar, Salmo trutta, Salvelinus alpinus, Salvelinus fontinalis, Salvelinus namaycush*
Ionfhabhtú le *Gyrodactylus salaris* (GS)	*Oncorhynchus mykiss, Salmo trutta, Salmo salar, Salvelinus alpinus, Salvelinus fontinalis, Salvelinus namaycush, Thymallus thymallus*
Ionfhabhtú le halfa-víreas salmainide (SAV)	*Limanda limanda, Oncorhynchus mykiss, Salmo salar, Salvelinus alpinus*

(*) I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) de Chreat Windsor i gcomhar le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an gCreat sin, chun críocha na hIarscríbhinne seo, baineann tagairtí do Bhallstáit leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann.'.